

Charity You're a Star 2007

Seán Bán Breathnach

Imo sheasamh taobh amuigh de Ródaí RTÉ/Raidió na Gaeltachta ag Féile Willie Clancy i Sráid na Cathrach a bhí mé nuair a bhuail mo fón póca agus chuir bean le glór milis binn ceist orm an mbeinn sásta páirt a ghlacadh sa chlár teilifíse, *Charity You're a Star 2007*. Shíl mé cinnte gur ag stealladh mhagadh fúm a bhí sí, mar tá 'fhios ag an saol mór nach bhfuil nóta i mo cheann, ach de réir mar a lean an comhrá ar aghaidh agus gur chas mé véarsa den *Yellow Submarine* di, dúirt sí nach raibh cailleadh ar bith orm agus nuair a bheadh banna ceoil i mo thionlacan go mbeinn thar barr !

Coicís ina dhiadh sin, bhí Seán Bán bocht i mBaile Átha Cliath agus gan aon teacht as agam go dtí gur chinn an lucht féachana deireadh a chuir le m'aistear.

Roghnaíodh an *Carers' Association* mar charthanacht dom toisc go raibh baint agam leo le tamaill roimhe sin agus níorbh fhada go raibh an seó ar an mbóthar!

Is cuimhin liom go maith an chéad uair a rinne mé cleachtadh leis an mBanna Ceoil, chas mé an chéad véarsa d'amhrán Val Doonican, *Walk Tall*, agus stop an banna ag casadh. Chuir mé ceist orthu cad a bhí mícheart agus phléasc siad amach ag gáire. "Nach bhfuil mé chomh maith le John Aldridge buaiteoir na bliana seo caite?", arsa mise, agus is é an freagra a fuair mé ná, i gcomparáid liomsa bhí John Aldridge ina Phaverotti!

An tráthnóna sin chuir siad airgead orm sna geallghlacadóirí go mbeinn sa mbabhta ceannais agus dúirt siad liom sé amhrán a roghnú agus a chur de ghlanmheabhair. Ba í mo sheanchara Twink a bhí mar chomhairleoir ceoil (!) agam agus nuair a chuala sí *Will You Go Lassie Go* agus *Chirpy Chirpy Cheep Cheep* á chleachtadh agam chuir sí fios ar ghloine bhranda agus mhol sí domsa fios a chuir ar an gcuid eile den bhuidéal! Ach ní raibh aon dul as agam faoin am sin ach treabhadh liom. Bhí tacaíocht iontach á fháil agam ón *Carers' Association* ar fud na tíre agus ní fada go raibh feachtas mór ar bun acu.

Bhí sceitimíní orainn go léir an

chéad oíche agus sinn ag fanacht le dul ar stáitse beo os comhair leath mhilliúin duine agus níos measa fós aghaidh a thabhairt ar Bhrendan Mór O'Connor agus a chairde. Bhí mise ag súil go mbeinn ag dul abhaile ach leis an íde béil agus an sciúirseáil a fuair mé ó na moltóirí ghlac daoine trua dom agus ba é Brendan Courtney a d'imigh uainn an oíche sin.

Sin mar a bhí ar feadh an ama, na moltóirí ag tabhairt fúm agus pobal na hÉireann ag vótáil chun mé a choinneáil istigh. Bhí uaireanta ann ar ghoill cuid de na rudaí a bhí á rá agus na tuairimí a bhí á nochtadh ag na moltóirí (agus daoine nach iad) orm, ach fuair mé an oiread sin glaonna agus téacsanna agus cártaí agus tacaíocht nár chaill mé mo mhisneach riamh.

Ní raibh sé éasca focail na n-amhráin a fhoghlaim, ach bhí an deacracht chéanna againn go léir agus thugamar misneach agus spreagadh dá chéile idir óg agus aosta, mainicíní agus rósanna, lucht spóirt agus lucht teilifíse agus ar ndóigh foireann an chláir.

Bhí na daoine go léir a bhí páirteach sa chlár liom go hálainn ar fad, daoine uaisle a roinn a gcuid ama go fial ar son na gcartanachtaí go léir. Ba mhaith liom míle buíochais a ghlacadh le chuile dhuine a thug tacaíocht dom le linn an chomórtais agus a chuidigh liom os cionn €80,000 a bhailiú ar son *The Carers Association*. Ní dócha go gcloisfear Seán Bán ag casadh amhráin go poiblí go brách arís, ach é sin ráite ná cuir as an áireamh mé do Chorn Uí Riada 2008!



Twink agus Seán